Straitéis na Gaeilge

2019-2023

Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service

Straitéis na Gaeilge FSS

2019 – 2023

Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service

Clár Ábhar

RÉAMHRÁ LEIS AN STIÚRTHÓIR NÁISIÚNTA CUMARSÁIDE, FSS – Paul Connors 5

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 6

2. Straitéis na Gaeilge 7

3. Forbairt na Straitéise Gaeilge 8

3.1 Riachtanais a Shainaithint-An t-othar a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid 8

3.2 Suirbhé Ipsos MRBI ar Chainteoirí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta 9

3.3 Tugadh athbhreithnithe comhlíonta chun críche i 81 seirbhís FSS i rith 2018 10

4. Réasúnaíocht agus Dúshláin na Straitéise 11

5. Seirbhís Ghaeilge FSS a Fhorbairt – Fís 12

6. Rialú agus Rialáil 14

6.1 An Bunreacht 14

6.2 Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 15

6.3 Oifig an Choimisinéara Teanga 16

6.4 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 17

6.5 Plean Gnímh an Rialtais 2018-2011 do Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 18

6.6 Pleananna Teanga Gaeltachta 19

7. Na 5 Thaca de chuid Straitéis Ghaeilge an FSS 20

7.1 Taca 1 - Comhlíonadh maidir le Reachtaíocht agus Rialachán 20

7.2 Taca 2 - Ag tacú le Feidhmeanna agus Seirbhísí FSS 23

7.3 Taca 3 - Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt 26

7.4 Taca 4 - Cumarsáid agus cothú na Gaeilge laistigh de FSS 28

7.5 Taca 5 - Dreasachtaí tacaíochtaí Oideachais 3ú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreorach a leathnú agus a fhorbairt 34

8. Achoimre 37

RÉAMHRÁ LEIS AN STIÚRTHÓIR NÁISIÚNTA CUMARSÁIDE, FSS

PAUL CONNORS

Tá áthas orm an chéad Straitéis Gaeilge FSS 2019-2023 a chur i láthair. Ullmhaíodh an straitéis chun cabhrú lenár n-eagraíocht ár bhfreagrachtaí Gaeilge a chomhlíonadh agus chun eispéireas daoine a úsáideann ár seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú.

Is mian le FSS úsáid na Gaeilge a chothú, a neartú agus a chur chun cinn fad a aithnímid gur mian le cohórt mór dár n-úsáideoirí seirbhíse go ndéanfar cumarsáid leo trí chéad teanga an Stáit. Mar chleachtóirí, tuigimid go bhféadfadh sé dul chun sárleasa cuid dár n-othair cumarsáid a dhéanamh leo ina gcéad teanga. Ar an ábhar sin, chun freastal ar riachtanais ár n-othar agus cloí le Straitéis FSS ina gcuirtear an t-othar i gcroílár gach ruda a dhéanaimid, tá Straitéis Gaeilge aontaithe ullmhaithe againn a chuirfear i bhfeidhm sna chéad 5 bliana eile amach romhainn.

Tá an bealach comhoibritheach agus comhairleach a ullmhaíodh í ag teacht go mór, den chuid is mó, lenár bprionsabal go mbeidh úsáideoirí seirbhíse, an fhoireann agus príomhpháirtithe leasmhara bainteach i ndearadh agus pleanáil seirbhísí. Plean eolasach é ar a ndearnadh taighde leathan ina leagtar amach an méid is gá dúinn a dhéanamh lena chinntiú go gcuirimid Seirbhísí Gaeilge ardchaighdeáin ar fáil dóibh siúd dár saoránaigh ar mian leo go ndéanfar cumarsáid leo trí Ghaeilge, agus chun ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Is mian liom an deis seo a ghlacadh leis an obair ollmhór a aithint a rinneadh chun an straitéis seo a ullmhú agus an tacaíocht a fuaireamar a aithint ó réimse fairsing daoine aonair agus comhlachtaí, mo chomhghleacaithe féin san áireamh in FSS ina measc sin. Tá FSS tiomanta go daingean don straitéis seo agus táimid ag tnúth le hoibriú libh go léir chun í a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

Feabhra 2019

1. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an comhlacht reachtúil atá freagrach as seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a fhaigheann maoiniú go poiblí a sholáthar in ospidéil agus suíomhanna pobail, ar nós ionaid chúraim phríomhúil clinicí, sa bhaile agus i scoileanna, fud fad na tíre.

Déanann FSS na seirbhísí seo a leanas a sholáthar nó socraíonn sé go soláthraítear na seirbhísí seo a leanas:

- Seirbhísí Ospidéal Géarmhíochaine
- Seirbhísí Cúraim Phríomhúil
- Seirbhísí Meabhairshláinte
- Seirbhísí Cúraim Shóisialta, seirbhísí ina measc do Dhaoine Breacaosta agus Daoine faoi Mhíchumas
- Seirbhísí Sláinte agus Folláine, Cur chun Cinn na Sláinte ina measc

Ina theannta sin, cuireann an eagraíocht príomhsheirbhísí tacaíochta oibríochtúla ar fáil, eastáit, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachais chorparáidigh ina measc.

Tá FSS tiomanta do bhreis seirbhísí Gaeilge a fhorbairt agus feabhas a chur ar eispéireas na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhíse siúd ar mian leo go ndéanfaí cumarsáid leo trí Ghaeilge. Tacaíonn Seirbhís Ghaeilge FSS (SG) le Grúpaí Ospidéal agus Eagraíochtaí Sláinte Phobail na heagraíochta go háirithe, maraon le tacú lenár seirbhísí náisiúnta agus corparáideacha, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le dualgais na teanga oifigiúla atá ar chomhlachtaí poiblí.

2. Seirbhís na Gaeilge FSS

Faoi mar a dtugtar cuntas air i mír 2.1; luaitear in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann gurb í an Ghaeilge chéad teanga oifigiúil an Stáit. Tá cearta ag an bpobal go soláthrófaí seirbhísí áirithe dóibh i nGaeilge agus tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur féidir leo na seirbhísí seo a sholáthar agus an méid a mbíonn súil ag a n-úsáideoirí leis a a chur ar fáil. Leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí i dtaca le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge. Bainistíonn FSS a oibleagáidí maidir leis an nGaeilge trí thacaíocht roinnt Oifigigh lánaimseartha Ghaeilge a oibríonn go díreach leis na seirbhísí éagsúla ar fud na heagraíochta.

Bunaíodh an tSeirbhís Ghaeilge in FSS chun tacú le seirbhísí ar fud na heagraíochta chun a bhfreagrachtaí Gaeilge a thuiscint agus a bhaint amach, agus chun feabhas a chur ar eispéireas daoine a úsáideann ár seirbhís sláinte ar mian leo go ndéanfar cumarsáid leo trí Ghaeilge. Mar aitheantas dár bprionsabal treorach ina dtugtar tús áite don othar, bhunaigh FSS an tSeirbhís Ghaeilge mar fhreagairt dhíreach don tábhacht shuntasach a bhaineann le teacht a bheith ar sheirbhísí Gaeilge i measc shaol go leor dár n-úsáideoirí seirbhíse. Tugann FSS tús áite don tSeirbhís Ghaeilge a fhorbairt agus tá feabhsúcháin bhreise ar na bacáin le linn tréimhse na straitéise.

In 2015, ghlac FSS le struchtúir nua bhainistíochta agus cruthaíodh seacht nGrúpa Ospidéal agus naoi nEagraíocht Chúram Sláinte Pobail ina measc sin. Ó tharla go ndearnadh na hathruithe seo, ba ghá socruithe rialachais a athailíniú don tSeirbhís Ghaeilge. Rinneadh cinneadh chun foireann Seirbhís Ghaeilge a bhunú laistigh de Rannán Cumarsáide FSS, glacadh le Struchtúr Seirbhíse nua agus le socruithe nua rialachais.

Ceapadh Ceannasaí Seirbhís Ghaeilge Náisiúnta agus ceathrar Oifigeach Gaeilge san tSeirbhís Ghaeilge leasaithe agus sannadh iad don Rannán Cumarsáide. Cuirfidh an tseirbhís nua comhlíonadh na reachtaíochta agus ceanglais reachtúla chun cinn, tacóidh sí le seirbhísí FSS fud fad na tíre, agus beidh sí meáite ar fheabhsúcháin a éascú san úsáid a bhaintear as an nGaeilge sa tseirbhís sláinte, anuas ar fheabhsúcháin ar an úsáid sin a chur chun cinn. Déanfaidh an fhoireann gach iarracht caidreamh a fhorbairt le príomhpháirthe leasmhara ar fud FSS chun eolas faoi riachtanais othair agus ár ndualgais comhlíonta a fheabhsú

Glacfaidh an fhoireann Seirbhís Ghaeilge an ról lárnach chun feasacht a mhúscailt maraon le bheith ina taca, don fhoireann a sholáthraíonn seirbhísí trí Ghaeilge.

Tuairiscíonn an fhoireann chuig an Ceann Seirbhísí Cliant sa Rannán Cumarsáide a thuairiscíonn, ar a uain sin, le Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide FSS.

3. Straitéis Gaeilge FSS a Fhorbairt

3.1 Riachtanais a Shainaithint-An t-othar a chur i gcroílár gach rud a dhéanaimid

Leanann Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030 de chuid an Rialtais Ráiteas an Rialtais ar an nGaeilge a foilsíodh i Nollaig 2006. Dhearbhaigh an Ráiteas sin tacaíocht an Rialtais leis an nGaeilge agus an Ghaeltacht a fhorbairt agus a chaomhnú agus leagadh amach 13 chuspóir beartais. Eascraíonn forbairt Straitéis Gaeilge FSS 2019-2023 as na foilseacháin Rialtais seo agus as an méid seo a leanas:

- Aithnítear an Ghaeilge mar *phríomhtheanga an Stáit* agus gur mian linn an úsáid a bhaintear aisti a chothú, a neartú agus a chur chun cinn.

- Aitheantas gur mian le cohórt mór dár n-úsáideoirí seirbhíse go ndéanfar cumarsáid leo trí chéad teanga an Stáit, faoi mar atá de cheart acu. An tuiscint go bhféadfadh sé dul chun sárleasa chliniciúil roinnt dár n-úsáideoirí seirbhíse go ndéanfar cumarsáid leo trí Ghaeilge agus, ar an ábhar sin, chun Straitéis FSS a chomhlíonadh ina gcuirtear an t-othar i gcroílár gach ruda a dhéanaimid, caithfimid Straitéis agus Plean Gaeilge lena gcomhaontaítear a chur i bhfeidhm chun freastal ar a gcuid riachtanais teanga.

- A dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a aithint.

Chun tacú le forbairt na Straitéise seo, thug FSS faoi shraith beart atá in ainm is léargas agus tuiscint bhreise a sholáthar ar eispéireas daoine a úsáideann ár seirbhís sláinte ar mian leo go ndéanfar cumarsáid leo trí Ghaeilge.

Bhí sé mar phríomhchuspóir againn riachtanais na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht, sna h-oileáin agus i gceantair eile ina bhfuil éileamh ar leith ar sheirbhísí sláinte a sholáthar trí Ghaeilge a shainaithint. Chabhraigh taighde ar an margadh a choimisiúnaíodh go speisialta, faisnéis a bailíodh ó athbhreithnithe comhlíonta, maraon lenár ár n-idirghníomhú rialta le comhghleacaithe agus úsáideoirí seirbhíse linn chun croíriachtanais a shainaithint.

3.2 Suirbhé Ipsos MRBI ar Chainteoirí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta.

Aithníonn FSS go bhfuil riachtanas an-sonrach teangeolaíochta ag Pobail Ghaeltachta, agus na hoileáin san áireamh. Cinntíonn sé go soláthraítear seirbhísí a bhaineann leis an nGaeltacht trí mheán na Gaeilge, sa chás gur féidir. Tacaíonn agus neartaíonn seirbhísí FSS sa Ghaeltacht saintréithe teangeolaíochta na Gaeltachta, agus cuireann siad cúram ar fáil timpeall ar an othar/úsáideoir seirbhíse aonair. Go dtí seo, tá seirbhísí Gaeilge sna réigiúin Ghaeltachta agus in áiteanna eile tagtha chun cinn gan choinne gan straitéis ná plean aontaithe. D'fhonn seirbhísí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as cur chuige a dtugtar tús áite dó atá ar aon dul le riachtanais úsáideora, thug an fhoireann Seirbhís Ghaeilge faoi shuirbhé ar riachtanais seirbhís sláinte trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta.

Lorg an taighde seo a rinneadh in 2018, (403 agallamh aghaidh ar aghaidh trasna Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Chiarraí), a chuir le taighde a rinneadh roimhe seo, tuairimí faoin éileamh atá ag cainteoirí Gaeilge ar sheirbhísí sláinte trí Ghaeilge. Cuireadh béim ar leith ar: éileamh atá ar sheirbhísí sláinte a sholáthraítear trí Ghaeilge, imeasc cainteoirí Gaeilge, agus díriú ar leith ar an méid seo a leanas:

- A mhéid seirbhísí sláinte atá á gcur ar fáil do chainteoirí Gaeilge trí Ghaeilge
- Saghsanna na seirbhísí sláinte atá á gcur ar fáil trí Ghaeilge
- Tábhacht na fála ar sheirbhísí sláinte i nGaeilge
- Na seirbhísí sláinte ar leith ar mian le cainteoirí Gaeilge go gcuirfear ar fáil dóibh iad trí Ghaeilge

Dhírigh an taighde ar na réigiúin Ghaeltachta i nGaillimh, Dún na nGall agus Ciarraí. Ba iad na príomhthátail a baineadh amach ón taighde:

- Seirbhísí DG trí Ghaeilge iad na seirbhísí Gaeilge is mó a lorgaítear ach tá éileamh suntasach ar sheirbhísí eile, chomh maith, ar nós: Altraí Sláinte Poiblí, Cúntóir Baile, Seirbhísí Scoile agus Naíonán, Altranas Pobail.
- Tá éileamh an-suntasach go fóill ar sheirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge i measc cainteoirí Gaeilge.
- Tugann na torthaí le fios nach bhfuiltear ag freastal ar an éileamh ar chumarsáid leictreonach trí Ghaeilge, ar nós faisnéis ghréasánbhunaithe, teagmháil trí Sheirbhís Faisnéise Beo FSS, téacs agus ríomhphost.
- Dá mbeadh seirbhísí Gaeilge ar an gcaighdeán agus ar an leibhéal céanna leo siúd a sholáthraítear i mBéarla, roghnódh 75% díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu go gcuirfí na seirbhísí seo ar fáil dóibh i nGaeilge.

3.3 Tugadh athbhreithnithe comhlíonta chun críche i 77 seirbhís FSS i rith 2018.

Tá ár n-Oifigigh Ghaeilge ag oibriú go leanúnach chun caidreamh tacúil a fhorbairt le Seirbhísí FSS mar chuid dá n-obair, agus tá aiseolas á bhailiú acu ó úsáideoirí seirbhíse agus ón bhfoireann fad a thugann siad faoi athbhreithnithe comhlíonta, (comhlíonadh seirbhíse a thomhas in aghaidh cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003). Seo a leanas roinnt samplaí d'aiseolas a glacadh ó réimse seirbhísí ar fud na tíre, Ospidéil, Ionaid Chúraim Phríomhúil, Aonaid Altranas Pobail, Seirbhísí Luath-Idirghabhála agus an tSeirbhís Otharcharranna, sa dara leath den bhliain 2018. Úsáideadh iad seo chun eolas a sholáthar d'fhorbairt na Straitéise:

- An gá atá le cúrsaí oiliúna nua Gaeilge a fhorbairt don fhoireann, go háirithe iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do phobal na Gaeltachta agus don phobal labhartha Gaeilge. Tá na ranganna le srathú agus/nó dírithe maidir le feidhm an phoist.

- D'iarr foireann na Gaeltachta, agus an fhoireann in ionaid taobh leis an nGaeltacht go soláthrófaí ábhartha cuí sláinte i nGaeilge, e.g. faisnéis ar chur chun cinn na sláinte; scagdhealú duán; diaibéiteas; teiripe urlabhra agus teanga; néaltrú, agus seirbhísí síceolaíochta.

- Leag an fhoireann i roinnt ionaid Ghaeltachta an bhéim ar an ngá atá le hoibriú as lámh na nGrúpaí Pleanála Gaeltachta.

- Sainaithníodh gá ar leith atá le seirbhís sláinte a sholáthar i nGaeilge, go háirithe i dTeiripe Urlabhra agus Teanga, Athshlánú i ndiaidh Stróc, cóir leighis a chur ar Galar Parkinson agus Seirbhísí Ortaipéideacha.

- Córas ina sainaithnítear othair labhartha Gaeilge go luath, agus a sainaithint leanúnach mar chainteoirí Gaeilge, fad a leanann siad le húsáid a bhaint as seirbhísí FSS, cé acu mar úsáideoir seirbhíse othar cónaithe nó othar seachtrach.

- Éileamh ar sheirbhísí aistriúcháin do roinnt cumarsáid ghinearálta agus freagairtí scríofa ar chumarsáid a fuarthas i nGaeilge.

- Bunófar bunachar sonraí den fhoireann a labhraíonn an Ghaeilge.

- Ba cheart go mbeadh earcaíocht foirne do sheirbhísí i réigiúin Ghaeltachta, agus do sheirbhísí eile ina bhfuil éileamh ar fhoireann labhartha Gaeilge, a bheith treoraithe ag:

    - An gá atá le hinniúlacht i nGaeilge mar riachtanas chun tabhairt faoin ról.

    - An gá atá le measúnuithe teanga réamhearcaíochta a dhéanamh nuair is riachtanas den ról é inniúlacht i nGaeilge agus tacaíocht ón tSeirbhís Ghaeilge, faoi mar is gá chun tabhairt faoi na measúnuithe seo.

4. Réasúnaíocht agus Dúshláin na Straitéise

Agus aird ar ár gceanglais reachtúla agus gur mian linn seirbhísí Gaeilge a sholáthar do na custaiméirí siúd a dhéanann idirghníomhú le FSS óna dteastaíonn siad, d'fhorbair an tSeirbhís Ghaeilge an cháipéis Straitéise seo chun freastal ar an eagraíocht sna chéad 5 bliana eile amach romhainn. Is é cuspóirí na Straitéise chun cuspóirí atá sainithe go soiléir agus faofa a sholáthar chun seirbhísí Gaeilge a sholáthar in FSS ón mbliain 2019 ar aghaidh.

Tá Éire ag tabhairt faoi athruithe bunúsacha déimeagrafacha, uirbiú náisiúnta, athruithe cultúrtha, athruithe ar ár gcóras oideachais agus rochtain ar fhaisnéis. Is féidir leis na forbairtí seo deiseanna agus bagairtí araon a chruthú i dtaobh Straitéis Gaeilge FSS; tugann ár bhfeasacht orthu an deis dúinn, áfach, chun dul i ngleic leo.

Is eol dúinn, chomh maith, gur gá aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán chun tabhairt faoi chuspóirí na Straitéise go rathúil. Áiríodh leo seo an méid seo a leanas:

- Go mbeadh fáil ar chainteoirí líofa Ghaeilge i ngach réimse sna seirbhísí sláinte
- Nuair atá seirbhís á soláthar trí Ghaeilge agus nuair a fhágann an comhalta foirne a sholáthraíonn an tseirbhís an post i ndiaidh tréimhse, d'fhéadfadh deacracht a bheith ann chun comhalta foirne ionaid a labhraíonn an Ghaeilge a earcú. De bhreis air sin, nuair a dheimhnítear go bhfuil gá ann le seirbhís labhartha Gaeilge, d'fhéadfadh deacracht a bheith ann foireann labhartha Gaeilge a earcú chun an tseirbhís a sholáthar.
- Níl muinín agus/nó na scileanna teanga cuí ag go leor dár bhfoireann chun seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- Cuireann nithe ar nós éilimh leanúnach ó sheirbhísí ar athrú struchtúrach, srianta airgeadais agus acmhainn foirne brú ar na seirbhísí sláinte agus is féidir leo cur as d'ár seirbhísí maidir le comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na rialacháin.

5. Seirbhís Ghaeilge FSS a Fhorbairt – Fís

Leagtar amach inár bhFís an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach.

> "Feabhas a chur ar eispéireas daoine a úsáideann ár seirbhís sláinte ar mian leo go ndéanfar cumarsáid leo trí Ghaeilge, agus an ghéilliúlacht do na ceanglais reachtaíochta agus reachtúla teanga a chothú ar bhealach níos fearr."

Bainfimid ár bhfís amach trí dhíriú ar na cúig Thaca idirspleácha seo a leanas:

1. Comhlíonadh na reachtaíochta agus Acht na dTeangacha
2. Tacú le Seirbhísí agus Feidhmeanna FSS
3. Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt
4. Cur chun Cinn agus Cumarsáid
5. Dreasachtaí 3ú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreoir


5 Thaca de chuid Straitéis Ghaeilge,FSS
Comhlíonadh maidir le Reachtaíocht agus Rialachán
Ag tacú le Seirbhísí FSS agus Feidhmeanna
Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt
Cur chun cinn & Cumarsáid trí Ghaeilge ó laistigh de FSS
Dreasachtaí 3ú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreoir
Taca 1
Taca 2
Taca 3
Taca 4
Taca 5

6. Rialú agus Rialáil

Tugadh an aird mar is cuí ar an reachtaíocht, foilseacháin agus údaráis a ndéantar cur síos orthu sna míreanna seo a leanas nuair a bhí an Straitéis seo á cruthú.

- Bunreacht na hÉireann, Airteagal 8
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Office of An Coimisinéir Teanga
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Plean Gníomhaíochta 2018-2022

6.1 An Bunreacht

Luaitear in Airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann:

‘Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.’

Eascraíonn beartas Rialtais a bhaineann leis an nGaeilge ó Airteagal 8, straitéis 20 bliain an Rialtais ina measc ina ndearbhaítear a thacaíocht le forbairt agus caomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta.

6.2 Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Leagtar bonn reachtúil san Acht den chéad uair faoi sholáthar seirbhísí (go ginearálta) ag an stát.

Is é cuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i ngnóthaí poiblí agus lena chinntiú go mbaineann comhlachtaí poiblí úsáid as an nGaeilge nuair a dhéanann siad cumarsáid leis an bpobal agus/nó nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí don phobal. Déanann comhlachtaí poiblí cumarsáid leis an bpobal ar go leor bealaí, litreacha, ríomhphoist, cora poist, bileoga faisnéise, tuairiscí, fógraí agus láithreáin ghréasáin ina measc. I gcás gach cinn díobh seo, tá dualgais ar leith ar chomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Faoi Alt 10 den Acht, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí croícháipéisí áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla, an méid seo a leanas ina measc:

- Aon cháipéis ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
- Aon tuarascáil bhliantúil;
- Aon chuntais nó ráiteas airgeadais iniúchta;
- Aon ráiteas straitéise a ullmhaíodh faoi Alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997;
- Aon cháipéis a forordaíodh go cuí amhail tábhacht mhór phoiblí bheith ag baint léi.

Áirítear leis na dualgais atá ar chomhlacht poiblí, chomh maith, an méid seo a leanas a chinntiú:

- Caithfidh Páipéarachas Ceannchlóite a bheith i nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin;
- Caithfidh comharthaíocht a bheith i nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin;
- Caithfidh fógraí taifeadta ó bhéal a bheith i nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin;
- Caithfear freagairt i nGaeilge ar chumarsáid a fhaightear i scríbhinn nó i bpost leictreonach i nGaeilge;
- Caithfidh faisnéis (cora poist) a sholáthraítear don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal, tríd an bpost nó go leictreonach, a bheith i nGaeilge agus i mBéarla nó i nGaeilge amháin.

6.3 Oifig an Choimisinéara Teanga

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla mar oifig neamhspleách reachtúil a oibríonn mar sheirbhís ombudsman agus mar ghníomhaireacht chomhlíonta. Cuireann an Coimisinéir Teanga comhairle ar fáil don phobal i dtaca lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha, cuireann sé comhairle ar fáil do chomhlachtaí poiblí i dtaca lena ndualgais teanga faoi Acht na dTeangacha, agus fiosraíonn sé aon ghearán bailí ina meastar gur theip ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht a chomhlíonadh.

Nuair a chuireann Oifig an Choimisinéara Teanga gearán faoi bhráid FSS, déanann an tSeirbhís Ghaeilge idirchaidreamh leis an tseirbhís ábhartha agus le hOifig an Choimisinéara Teanga chun an gearán a réiteach.

Ceadaíonn an t-údarás reachtúil a bhronnann an tOireachtas ar Oifig an Choimisinéara Teanga chun tabhairt faoina chuid oibre le cinnteacht. Ciallaíonn sé, nuair is gá comhlíonadh fhorálacha reachtaíochta na dteangacha a chinntiú, gur féidir leis úsáid iomlán a bhaint as an údarás reachtúil sin. Ina ainneoin seo, is é a modus operandi sa chéad ásc oibriú i gcomhpháirtíocht agus i gcomhoibriú le páirtithe leasmhara.

6.4 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Foilsíodh Straitéis oifigiúil 20 Bliian don Ghaeilge 2010-2030 i Nollaig 2010, ag leanúint tacaíocht uile-pháirte i dTithe an Oireachtais. Is é aidhm dearbhaithe pholasaí an Rialtais ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil.

Is í an aidhm atá ag polasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná:

- cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil;
- tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh;
- a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh úsáid na Gaeilge nó an Bhéarla mar rogha ag an saoránach i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí agus de réir a chéile go ndéanfaidh níos mó daoine ar fud an Stáit cinneadh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge; agus
- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe inár sochaí, mar theanga labhartha ag ár gcuid saoránach mar aon le bheith le feiceáil ar chomharthaí agus i litríocht.

Seo leanas na naonúr réimse gníomh i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge:

- Oideachas
- An Ghaeltacht
- Seachadh na Teanga sa Teaghlach - Idirghabháil Luath
- Riarachán
- Seirbhísí agus Pobal
- Meáin agus Teicneolaíocht
- Foclóirí
- Reachtaíocht agus Stádas
- Saol Eacnamaíochta

Le linn forbairt Straitéis Gaeilge an FSS, tá ár gcuspóirí agus ár spriocanna inghnóthaithe curtha in oiriúint againn do Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge de chuid an Rialtais. Tá se mar thosaíocht againn ó thús, tacaíocht theangeolaíochta a éascú do phobail Ghaeltachta agus pobail labhartha Gaeilge inár seirbhísí.

Chomh fada agus is féidir, tá sé mar aidhm againn rogha a sholáthar dár n-úsáideoirí seirbhísí maidir le conas (cén teanga) ina fhaigheann siad an tseirbhís, maraon le fianaise infheicthe de thimpeallacht dírithe ar an nGaeilge, agus fostaithe seirbhíse sláinte le hardchaighdeán feasacht teanga, íogaireacht, agus nuair is féidir, cumas sa Ghaeilge.

6.5 Plean Gnímh an Rialtais 2018-2022 do Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tá an Plean Gnímh 2018-2022 ailínithe le cuspóirí foriomlána na straitéise 20 Bliain. Aithníonn sé tionscnaíochtaí straitéiseacha speiceasacha don chéad cúig bhliain amach romhainn maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus spriocanna speiceasacha na straitéise a chomhlíonadh.

Tá an Plean mar thoradh ar an bpróiseas rannpháirtíochta, comhairliúcháin agus aontais seo. Leagann sé amach réimse de ghníomhartha atá beartaithe le cur i bhfeidhm thar an tréimhse 2018 to 2022 chun tacú le cur i bhfeidhm luathaithe Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais.

Seo leanas gníomhartha speiceasacha don FSS sonraithe i bPlean 5 Bliana an Rialtais:

- Feabhsófar agus fobrófar an Fhoireann Seirbhísí Gaeilge sa FSS, agus tabharfar cúnamh d'fhoireann cúraim príomhúil sa Ghaeltacht chun seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Cuimsítear na limistéir seo leanas:
    - Gaoth Dobhair
    - Na Rosa agus Cloich Chionnaola
    - Conamara agus Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe
    - Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
- Leanfaidh an FSS ag soláthrú seirbhísí trí mheán na Gaeilge sna háiseanna seo leanas:
    - Teach Altranais an Fháil Charraigh
    - Otharlann an Chlocháin Léith
    - Áras Mhic Dara An Cheathrú Rua
    - Buaile Cheoinín, Ionad Meabhairshláinte
    - Áras Rónáin in Árainn
    - Ospidéal an Daingin
- Leanfaidh an FSS ag tacú le agus ag éascú scaipeadh eolais maidir le feasacht teanga trí sheirbhísí réamhbhreithe ábhartha a bhfuil réigiúin Ghaeltachta acu laistgh dá gceantair oibriúcháin.
- Leanfaidh an FSS ag soláthrú an tsaorghlao dátheangach agus an tseirbhís ríomhphoist atá ar fáil ó HSELive agus ó Ionad Teagmhála Cárta Leighis
- Maidir le spreagthaí agus tacaíochtaí a sholáthar chun cainteoirí liofa Gaeilge a mhealladh mar phroifisiúnaigh cúram sláinte, beidh an FSS ag:
    - tacú le Scéim Scoláireachta Leighis le cabhair ó Údarás na Gaeltachta
    - obair i gcomhpháirt le hearnáil an triú leibhéil chun modúil a fhorbairt ar chúram d'othair labhartha Gaeilge m.sh. leigheas, altranas, fisiteiripe, teiripe urlabhra agus teanga.

Tá na tionscnaíochtaí rialtais seo curtha san áireamh ag an FSS i bhforbairt a Straitéis don Ghaeilge 2019-2023.

6.6 Pleananna Teanga Gaeltachta

Tá sé mar riachtas ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, (6.2 thuas) go n-ullmhaíonn eagraíochtaí poiblí scéim teanga ag sonrú na seirbhíse a sholáthróidh siad trí Ghaeilge. Tá Caighdeáin Theanga le teacht in ionad ar Scéimeanna Teanga agus beidh ról tábhachtach le himirt ag Seirbhís Ghaeilge an FSS maidir le tacú leis an eagraíocht na riachtanais nua a chomhlíonadh.

Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga aitheanta ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus i gcomhréir leis an Acht Gaeltachta 2012, tá na Pobail le Pleananna Teanga a fhorbairt dá gceantair. Aithníodh Bailte Seirbhíse Gaeltachta chomh maith agus ar an dul céanna, ní mór dóibh Pleananna Teanga a fhorbairt. Fobrófar na Pleananna Teanga le cur chuige comhpháirtíochta idir an pobal agus eagraíochtaí pobail, i gcomhar leis an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach.

Soláthraíonn an tAcht Gaeltachta 2012 an creat reachtaíochta chun an próiseas pleanála teanga a chur ar bun ar bhonn comhordaithe. Táthar ag súil go n-oibreoidh an earnáil phoiblí, an earnáil dheonach, agus an earnáil phríobháideach le chéile chun tacú leis an nGaeilge sna limistéir geografacha éagsúla aitheanta faoin Acht. Tabharfar tacaíocht don teanga mar theanga phobail agus teaghlaigh na Gaeltachta trí ullmhúchán agus cur i bhfeidhm pleananna teanga ag leibhéal an phobail.

Aithnítear na 16 bailte seirbhíse Gaeltachta ar an léarscáil thíos.

Tá Údarás na Gaeltachta freagrach as tacú le heagraíochtaí maidir le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm na bpleananna teanga sna Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta. Tá Foras na Gaeilge freagrach as tacú le heagraíochtaí maidir le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm Pleananna Teanga sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta sin atá lasmuigh den Ghaeltacht. Soláthróidh Foireann Seirbhíse Ghaeilge an FSS an DOAHG le haon chúnamh atá ag taisteáil uatha i bhforbairt agus cur i bhfeidhm na bPleananna Teanga mar go mbaineann siad leis an FSS agus na seirbhísí a sholáithrimid.

7. Na 5 Thaca de chuid Straitéis Ghaeilge an FSS

7.1 Taca 1 - Comhlíonadh maidir le Reachtaíocht agus Rialachán

Tógtar an cuspóir seo leanas ó Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Cuspóir 2: Cuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm go hiomlán. Fobrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad i mbun gnó leis an Stát agus eagraíochtaí eile agus cuirfear na socrúcháin chuí in ionad chun é seo a chomhlíonadh.

Is é an chéad bhunchloch i Straitéis Ghaeilge an FSS ná tacú le comhlíonadh i leith Reachtaíocht Ghaeilge i seirbhísí agus feidhmeanna FSS. Cuimsíonn na seirbhísí agus feidhmeanna a dtagraítear dóibh sa doiciméid seo seirbhísí náisiúnta agus corparáideacha maraon le seirbhísí laistigh de ESP-anna agus Grúpaí Ospidéil. Leagann Acht na dTeangacha Oifigiúla amach dualgais eagraíochtaí poiblí maidir le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Féachann an FSS ar seo mar dhulagas agus deis.

Trinár bpróiseas athbhreithnithe leanúnach, spreagfaimid athrú i leith comhlíonadh níos fearr agus cuirfimid feabhas ar an tseirbhís atá á tairiscint againn d'úsáideoirí labhartha Gaeilge.

Cuimseoidh an Taca seo:

- Athbhreithnithe Comhlíontachta
- Pacáistí Eolais agus moltaí comhlíontachta pearsantaithe don tseirbhís áirithe. Nuair a dhéantar athbhreithniú ar sheirbhís, eisítear pacáiste eolais sonrach dóibh ag sonrú na tacaíochtaí atá ar fáil ónár bhfoireann Ghaeilge, dátaí d'athbhreithnithe ar an dul chun cinn, moltaí ag eascrú ón athbhreithniú, oibleagáidí faoin Acht, liosta soláthróirí d'obair aistriúcháin, agus conas scrúdú inniúlachta a eagrú do phoist bunaithe sa Ghaeltacht.
- Athbhreithnithe ar an Dul Chun Cinn ar fheabhsú na seirbhísí - gach sé mhí
- Tuairisc achomair ar anailís leathbhliantúil ar thorthaí na nAthbhreithnithe Comhlíontachta
- Loga a choinneáil de gach athbhreithniú a rinneadh, na moltaí a rinneadh agus teagmhálacha le seirbhísí na hESP-anna agus Grúpaí Ospidéil
- Bunachar cuimsitheach a chruthú de gach seirbhís atá á soláthar ag an FSS, ag ag ESP agus Grúpa Ospidéil trí Ghaeilge
- Loga a choinneáil de na gearáin a fhaightear ón gCoimisinéir Teanga, foinsí inmheánacha agus seachtracha eile chun dlús a chur le réiteach na ngearán
- Athbhreithniú bliantúil agus tuairisc moltaí bunaithe ar obair chomhlíonaithe sna 12 mí roimhe sin

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
Taca 1 – Comhlíonadh				
1. Déan athbhreithnithe comhlíontachta bliantúla ar fho-alt d'fheidhmeanna an FSS	200 athbhreithniú sa mbliain. 1000 le críochnú thar shaolré na straitéise 5 bliana seo.	Seirbhís Ghaeilge le tacaíocht ó fheidhmeann a ábhartha an FSS	2019-2023	Rochtain ar Sheirbhísí FSS Ag fostú Oifigeach Gaeilge breise do réigiún oirthearach na tíre
2. Moltaí comhlíontachta dp gach seirbhís athbhreithniú agus pacáistí seirbhísí pearsantaithe	200 tacair de mholtaí comhlíontachta seachadtha do gach seirbhís athbhreithniú go bliantúil. 1000 le críochnú thar shaolré na straitéise 5 bliana seo.	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Rochtain ar Sheirbhísí FSS Ag fostú Oifigeach Gaeilge breise do réigiún oirthearach na tíre
3. Athbhreithnithe ar an Dul Chun Cinn Gach Sé Mhí chun comhlíonadh a mheasúnú	200 athbhreithniú ar an dul chun cinn go bliantúil. 1000 le críochnú thar shaolré na straitéise 5 bliana seo.	Seirbhís Ghaeilge le tacaíocht ó fheidhmeann a ábhartha an FSS	2019-2023	Rochtain ar Sheirbhísí FSS Ag fostú Oifigeach Gaeilge breise do réigiún oirthearach na tíre
4. Acht Teangacha – Stádas Comhlíontachta an FSS	Tuairiscí stádais leath bhliantúla	SeIrbhís Ghaeilge	2019-2023	Rochtain ar Sheirbhísí FSS
5. Ullmhaigh loga in-iniúchta de gach seirbhís athbhreithnithe ag an CHO agus HG	Loga cruthaithe agus nuashonraithe Tuairiscí mar seo leanas: • Ag ESP/GO • Leibhéil Chomhlíontachta ag catagóir athbreithnithe • Athbreithnithe déanta ag Oifigeach Gaeilge/Mí/7rl.	Seirbhís Ghaeilge – Riarachán Lárnach.	C1 2019	Tacaíocht PM

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
6. Ullmhaigh bunachar de sheirbhísí soláthartha trí Ghaeilge ag an ESP agus GO sa FSS	Bunachar forbartha agus uasdátaithe bunaithe ar sheirbhísí athbhreithnithe	Seirbhís Ghaeilge – Riarachán Lárnach	C2 2019	Comhpháirtíocht le Tionscadal Seirbhísí Eolaire atá á fhorbairt ag Digital
7. Ullmhaigh loga rianaithe agus réiteach gearán	Log cruthaithe agus uasdátaithe	Seirbhís Ghaeilge – Riarachán Lárnach	C1 2019	
8. Ullmhaigh athbhreithniú bliantúil agus tuairisc moltaí	Tuairisc forbartha agus eisithe	Seirbhís Ghaeilge – Riarachán Lárnach	C1 2020-C4 2023	

7.2 Taca 2 - Ag tacú le Seirbhísí FSS agus Feidhmeanna

Dearbhaíonn Plean Corparáideach an FSS go n-éistímid le húsáideoirí seirbhísí agus ár bhfoireann chun foghlaim ónár dtaithí faoin gcúram a sholáthar muid agus ár seirbhísí a fheabhsú dá reir. Cuirfidh an próiseas Athbhreithnithe Gaeilge ar chumas na n-othair agus na foirne moltaí a chur ar fáil faoi chaighdeáin na seirbhísí Gaeilge. Úsáidfimid an t-aiseolas seo chun feabhsúcháin phraiticiúla agus tráthúla a dhéanamh ar chaighdeán sheirbhísí Gaeilge. Cuimseoidh an bhunchloch seo:

- Bunú 'caidrimh thacúla' le seirbhísí agus feidhmeanna athbhreithnithe.
- Eisiú Pacáistí Eolais pearsantaithe do gach seirbhís athbhreithnithe ag sonrú riachtanais an Acht agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú leis an tseirbhís a dualgais a chomhlíónadh.
- Na bearnaí i Soláthar Seirbhíse Gaeilge a aithint agus tacaíocht agus treoir a sholáthar do bhainisteoirí seirbhíse áitiúla agus Earcaíocht SGS chun an cumas seirbhís Gaeilge a sholáthar a mhéadú.
- Léiriúcháin tugtha don FG le linn an phróisis athbhreithnithe a ionchorparú isteach inár bplean nuair is féidir.
- Roinnt aistriúcháin a dhéanamh do sheirbhísí FSS. Iniúchadh a dhéanamh ar aistriúcháin.
- Ag déanamh measúnú ar chaidrimh, éifeachtúlacht, comhlíonadh agus móiminteam.

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
Taca 2 – Tacaíocht do Sheirbhísí agus Feidhmeanna an FSS				
1. Cruthaigh caidrimh thacúla le Seirbhísí agus Feidhmeanna an FSS	a) 200 caidreamh nua go bliantúil b) Cruthaigh íomhá mar sheirbhís ghníomhach, rannpháirteach agus thacúil	Seirbhísí Gaeilge le tacaíocht ó Sheirbhísí agus Feidhmeanna ábhartha an FSS	2019-2023	Rochtain ar Sheirbhísí FSS
2. Pacáiste Eolais Gaeilge do Sheirbhísí agus Feidhmeanna	a) 200 pacáiste eolais pearsantaithe seachadtha do gach seirbhís athbhreithnithe go bliantúil b) Pacáiste Eolais Ginearálta curtha ar HSE.ie i nGaeilge agus i mBéarla c) Eolas faoi na Seirbhísí Gaeilge, oibleagáidí maidir le seirbhísí FSS atá ar fáil	Seirbhís Ghaeilge	2019-2022 C2 2019 C4 2019	Rochtain ar Sheirbhísí FSS Digiteach
3. Tacaíocht agus Treoir	a) Anailís déanta ar na bearnaí sna seirbhísí Gaeilge agus ar fáil do gach seirbhís b) Tacaíocht agus Treoir do bhainisteoirí seirbhíse ar chumas na seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear, a fheabhsú	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Ag brath ar éileamh

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
4. Moltaí do Sheirbhísí Gaeilge tugtha dár nOifigigh Ghaeilge le linn an phróisis athbhreithnithe a ionchorparú	a) Déan anailís ar mholtaí ar bhonn ráithiúil b) Iad a chur i bhfeidhm nuair is féidir	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Ag brath ar Acmhainn agus Buiséad
5. Seirbhísí Aistriúcháin	A) Déan roinnt aistriúcháin b) Tacaigh le seachfhoinsiú aistriúcháin c) Déan iniúchadh ar aistriúcháin	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Ag brath ar éileamh
6. Déan measúnú ar chaighdeán na Seirbhísí Gaeilge a sholáithrimid	Déan tuairisc faoi na seirbhísí atá ar fáil agus éifeachtúlacht na seirbhísí sin trí shuirbhé a dhéanamh	Seirbhís Ghaeilge	C4 2020 and C4 2022	

7.3 Taca 3 - Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt

Is é an príomhbhealach chun na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag FSS trí Ghaeilge a fhorbairt comhaltaí foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a earcú. Áirítear i mbeartas earcaíochta FSS, ná faoi réir an chreata nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, an gá atá le hacmhainní Gaeilge a fheabhsú, go háirithe sa Ghaeltacht.

Tuigeann FSS go bhfuil riachtanas teangeolaíoch an-sonrach ag Pobail Ghaeltachta, agus na hoileáin san áireamh. Dá réir sin, aithnítear agus líontar poist Ghaeltachta FSS de réir Phrótacal Náisiúnta Earcaíochta Gaeltachta Earcaíocht SGS. Tá gá le tuilleadh oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheachtais earcaíochta agus ar uirlisí cumarsáide FSS lena fháil amach an bhféadfaí tairbhe a bhaint as cur chuige níos spriocdhírithe chun cainteoirí Gaeilge a mhealladh.

Gné thánaisteach den obair atá ar bun ag FSS is ea scileanna teanga na gcomhaltaí foirne atá ag obair cheana féin a fheabhsú de réir chuspóirí Straitéis 20 Bliain an Rialtais agus chun cur leis na hacmhainní inmheánacha. Is é an cuspóir atá ann cultúr oiliúna agus forbartha Gaeilge a fhorbairt a thugann tús áite d'fhorbairt scileanna teanga agus a chinntíonn go bhfuil ar chumas comhaltaí foirne seirbhísí sláinte a chur ar fáil go muiníneach dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Cuimseofar sa Taca seo:

- Plean Oiliúna agus Forbartha Gaeilge (Comhaltaí Foirne)
- Athbhreithniú ar an bPrótacal Earcaíochta Gaeilge agus cabhrú lena oibriú
- Oiliúint Feasachta Teanga a Athbhunú

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
Taca 3 - Oiliúint, Earcaíocht agus Forbairt				
1. Plean Oiliúna agus Forbartha a fhorbairt a chuireann le hacmhainn aonair agus eagraíochtúil chun cabhrú le riachtanais Ghaeilge reatha agus straitéiseacha do cheantair agus do chomhaltaí foirne Gaeltachta agus neamh-Ghaeltachta a chomhlíonadh	a) Plean oiliúna forbartha b) Próiseas forbartha le haghaidh measúnú ar riachtanais foghlama c) Cóitseálaithe aitheanta d) Comhaltaí foirne a dteastaíonn oiliúint uathu aitheanta e) Cúrsaí scríofa agus srathaithe: 1. Cuimsitheach/Dian 2. Iontógáil (1 lá) 3. Fáiltiú (1 lá) f) Cúrsaí ar líne forbartha g) Cultúr d'fhéin-atreorú comhaltaí foirne atá ag idirghníomhú le cainteoirí Gaeilge cruthaithe h) Feasacht ar oiliúint agus forbairt IL scaipthe ar fud CHOanna agus HGanna	FG	Ráithe4 2019	Bainisteoirí Líne Oiliúnaithe a aimsiú trí úsáid a bhaint as aiseolas athbhreithnithe Féin-atreorú Digiteach/ ESP/ GO
2. Prótacal maidir le hEarcaíocht trí Ghaeilge	a) Chuathas i gcomhairle le OFG maidir le ceapacháin a dteastaíonn comhaltaí foirne dátheangacha lena n-aghaidh. Déanfaidh OFG inniúlacht a mheas b) Fianaise go bhfuil prótacal earcaíochta FG á chur chun feidhme	FG	2019-2023	Earcaíocht SGS Bainisteoirí Líne
3. Clár Ionduchtúcháin FSS	Tá oibleagáidí agus faisnéis maidir leis an nGaeilge san áireamh sa Chlár Ionduchtúcháin Foirne nuashonraithe	FG AD	Ráithe4 2019	AD

7.4 Taca 4 - Cumarsáid agus cothú na Gaeilge laistigh de FSS

Ceann de phríomhchuspóirí na Straitéise Gaeilge is ea eispéireas daoine a bhfuil ár seirbhís sláinte á húsáid acu ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge a fheabhsú, agus a chinntiú go bhfuil úinéirí seirbhíse FSS ar fud na heagraíochta ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus reachtaíocht teanga.

Cuimsítear i lorg digiteach FSS faoi láthair go leor suíomhanna gréasáin, micreashuíomhanna, tairseach trasghníomhaíochta agus cainéal meán sóisialta. Is páirtí leasmhar sa chóras sláinte é gach uile shaoránach, agus ag tráth éigin i rith a shaoil bainfidh gach duine úsáid as an tseirbhís sláinte ar líne ar chúiseanna pearsanta nó gairmiúla.

Is é HSELive an tseirbhís faisnéise ilchainéil don phobal atá ar fáil sé lá in aghaidh na seachtaine ar an teileafón, ríomhphost, Twitter agus LiveChat. Cuireann HSELive seirbhís trí Ghaeilge ar fáil d'úsáideoirí teileafóin agus ríomhphoist, agus tá sé i gceist ag FSS an tseirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt le haghaidh Livechat.

Ba cheart go laghdódh infhaighteacht na seirbhísí seo trí Ghaeilge na fadhbanna a bhíonn ag cainteoirí Gaeilge leis an tseirbhís sláinte a úsáid mar go mbeidh an tseirbhís faisnéise ar fáil chun cabhrú leo le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith acu.

Cuimseofar sa Taca seo:

- An tSeirbhís Ghaeilge agus úsáid na Gaeilge trí Chainéil Dhigiteacha FSS (lena n-áirítear Twitter, Facebook, Linked In, Suíomh Gréasáin FSS, Yammer, You Tube, Intranet) a chur chun cinn
- Comhaltaí foirne dátheangacha a cheapadh chun HSElive a reáchtáil
- Ábhar Gaeilge ar líne ar shuíomh gréasáin FSS a athbhreithniú agus a fheabhsú
- Leanúint le foirmeacha leictreonacha, faisnéis mhargaíochta agus sláinte a fhorbairt trí Ghaeilge nuair is gá
- Seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil do na meáin Ghaeilge
- Bunachar sonraí de sheirbhísí Gaeilge a fhorbairt agus a chothabháil bunaithe ar shuíomh
- An Leabhar Frásaí Béarla Gaeilge do Phearsanra Leighis a chothabháil agus a chur ar fáil ar líne
- Branda a fhorbairt chun infhaighteacht seirbhísí cúraim sláinte trí Ghaeilge i suíomhanna aitheanta a aithint agus a chur chun cinn
- Físeáin ar líne faoi fhaisnéis sláinte a fhorbairt le téacs Gaeilge ar shuíomh gréasáin foghlama agus forbartha FSS
- Feachtais feasachta inmheánacha spriocdhírithe Gaeilge maidir leis an tábhacht a bhaineann le híogaireacht teanga do chomhaltaí foirne a bhíonn ag déileáil leis an bpobal a ullmhú
- Tacú le comhaltaí foirne a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu do líne thacaíochta PCRS.
- Scaipeadh faisnéis feasachta teanga a éascú trí sheirbhísí ábhartha máithreachais réamhbhreithe i réigiúin Ghaeltachta.

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
Taca 4 – Cur chun cinn agus Cumarsáid				
1. Níos mó úsáide a bhaint as an nGaeilge ar chainéil dhigiteacha chun an Ghaeilge agus Seirbhís Gaeilge FSS a chur chun cinn	a) Teachtaireachtaí sláinte poiblí tvuíteáilte trí Ghaeilge (I gceantair Ghaeltachta go háirithe) b) Facebook FSS a úsáid mar ardán le haghaidh teachtaireachtaí sláinte poiblí trí Ghaeilge c) Ríomhphoist a chraoladh chun aird comhaltaí foirne a tharraingt in athuair ar na dualgais atá ar an eagraíocht ó thaobh na Gaeilge de d) Láithreacht a bhunú ar ardán ar líne nua Inlín FSS do chomhaltaí foirne agus na nithe seo a leanas a chur san áireamh: • Faisnéis faoin tSeirbhís Ghaeilge • Na hoibleagáidí atá ar sheirbhísí FSS • Na tacaíochtaí IL atá ar fáil • Teagmhálaithe	Seirbhís Ghaeilge Digiteach	2019-2023	Acmhainn dhigiteach
2. Comhaltaí foirne dátheangacha HSELive	Comhalta foirne dátheangach FSS ceaptha le bheith ag obair ar HSELive	Digiteach	2019	Buiséad

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
3. Ábhar Gaeilge ar líne ar shuíomh gréasáin FSS a Athbhreithniú agus a Fheabhsú	a) Tús áite a thabhairt don réimse ardtráchta 'Do It Online' shuíomh gréasáin FSS, (Cártaí Leighis, EHIC, Cártaí Cuairt Dochtúra, Scéim Cóirdhéileála, Treoir Thrasteorann, Scéim Cóireála Thar Lear, Scéim Tinneas Fadtéarmach, Deontais an Chrannchuir Náisiúnta, Liúntas Leasa do Dhaoine Dalla etc.) b) Comórtais le haghaidh seirbhísí aistriúcháin reáchtáilte c) Ábhar tosaíochta aistrithe d) Próiseas chun an tseirbhís seo a choinneáil cothrom le dáta deartha le hOifig Dhigiteach FSS	Seirbhís Ghaeilge, Digiteach, PCRS	Ráithe3 2019-Ráithe4 2020	Acmhainn dhigiteach
4. Faisnéis margaíochta agus sláinte a fhorbairt trí Ghaeilge nuair is gá	a) Cuirfear na hacmhainní seo a leanas ar fáil trí Ghaeilge chun tacú le tionscadail Chur Chun Cinn na Sláinte trí Ghaeilge. • Acmhainn OSPS don tSraith Shóisearach • Acmhainn Trust OCG don tSraith Shinsearach • Acmhainn Alcóil don tSraith Shinsearach • Ag fás aníos LGBT • Áiteanna Súgartha Gníomhacha • Cuir Béim ar an Siúl i do Scoil	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Sláinte agus Folláine Acmhainn dhigiteach

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
	• Bí Gníomhach sa Seomra Ranga • Busybodies • Treoir do Thuismitheoirí maidir le Labhairt le Leanaí Óga faoi Chaidreamh, Gnéasacht agus Fás Aníos b) Chun tacú leis an Scoil a chuireann an tSláinte chun cinn a sheachadadh trí Ghaeilge, cuirfear an Bhileog Eolais do Thuismitheoirí agus Bileog Eolais na Scoileanna ar fáil trí Ghaeilge. Tá brandáil na Scoileanna a chuireann an tSláinte chun cinn Dátheangach agus cuirfear bratacha na Scoileanna a chuireann an tSláinte chun cinn ar fáil i nGaeilge agus go dátheangach. c) Leanfar ar aghaidh ag tacú le PCRS le hábhar dátheangach a chur i dtoll a chéile d) Uirlisí agus tacaíochtaí ar líne curtha ar fáil chun cabhrú le seirbhísí FSS a dualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	Sláinte agus Folláine Acmhainn dhigiteach

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
5. Ábhar agus faisnéis feabhsaithe a chur ar fáil ar na meáin Gaeilge d'úsáideoirí seirbhíse	a) Úsáid a bhaint as taighde ar líne chun an t-ábhar a theastaíonn ó úsáideoirí seirbhíse a aithint agus ansin an t-ábhar ar líne roghnaithe a chur ar fáil dóibh agus trí na meáin Ghaeilge b) Foireann na Gaeilge chun deiseanna a aithint agus a thástáil chun ábhar Gaeilge a chur ar líne agus trí chainéil na meán sóisialta c) Urlabhraithe dátheangacha curtha ar fáil le labhairt faoi shaincheisteanna sláinte náisiúnta trí Ghaeilge d) Oiliúint sna meáin curtha ar fáil	Seirbhís Ghaeilge Digiteach Preasoifig	2019-2023	Digiteach SMT Acmhainn na Preasoifige
6. I gcomhar le forbairt Eolaire na Seirbhísí Digiteacha, bunachar sonraí de sheirbhísí a chuireann ESP-anna agus Grúpaí Ospidéil FSS ar fáil trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chothabháil	Bunachar sonraí forbartha agus nuashonraithe 2019-2020	Seirbhís Ghaeilge Digiteach	Ráithe3 2019	Digiteach
7. Leabhar Frásaí Leighis a chothabháil, a chur ar fáil ar líne	a) Leabhar Frásaí Leighis Gaeilge Béarla a chur ar fáil ar líne b) Obair leanúnach chothabhála ar an Leabhar Frásaí	Seirbhís Ghaeilge	Ráithe3 2019-Ráithe2 2020	Digiteach

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Fráma Ama	Ag brath ar:
8. Branda 'úsáidtear Gaeilge anseo' agus/nó 'Úsáideoir Gaeilge' a fhorbairt do Sheirbhísí, Feidhmeanna agus Comhaltaí Foirne FSS	Branda Gaeilge Forbartha	Seirbhís Ghaeilge Rannán Cumarsáide	Ráithe2 2023	
9. Físeáin nua agus atá ann cheana féin faoi fhaisnéis sláinte a chur ar fáil i nGaeilge	Téacs Gaeilge a chur ar fáil don áis físeán	Seirbhís Ghaeilge	Q3 2019-Q4 2020	Cumarsáid
10. Ábhar a fhorbairt do cheardlanna agus do chuir i láthair áitiúla Gaeilge faoin tábhacht a bhaineann le híogaireacht teanga do chomhaltaí foirne a bhíonn ag déileáil leis an bpobal	a) Ábhar forbartha d'Fheachtas Feasachta b) 12 cheardlann áitiúil reáchtáilte le haghaidh gach bliain den straitéis	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	
11. Tacú le Líne Thacaíochta Gaeilge PCRS	Cumas Gaeilge earcaigh nua chun na líne cabhrach a mheas	Seirbhís Ghaeilge	2019-2023	PCRS
12. Scaipeadh eolais a éascú i ndáil le feasacht teanga (arna chruthú ag RCOG) trí na seirbhísí máithreachais réamhbhreithe iomchuí i réigiúin Ghaeltachta	Leabhráin eolais RCOG scaipthe.	Seirbhís i nGaeilge	2021-2023	RCOG

7.5 Taca 5 - Dreasachtaí 3ú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreoir

Tá a fhios againn ó na suirbhéanna, ionadaíochtaí agus taighde coimisiúnaithe atá déanta againn go bhfuil éileamh suntasach ann chun seirbhísí eile anuas ar sheirbhísí Dochtúirí Teaghlaigh a chur ar fáil i nGaeilge, seirbhísí amhail Seirbhísí Altranais Sláinte Poiblí, an tSeirbhís Chúnamh Baile, Seirbhísí Scoile agus Naíonáin, Seirbhísí Altranais Pobail, srl. Chomh maith leis sin, tá a fhios againn go roghnódh i bhfad níos mó dár n-úsáideoirí seirbhísí i nGaeilge dá mba rud é go raibh na seirbhísí i nGaeilge ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí i mBéarla.

Ag glacadh leis go bhfuil ár gcainteoirí Gaeilge líofa lárnach ó thaobh seirbhísí sláinte a chur ar fáil i nGaeilge, tá ár gcúigiú Taca deartha chun tacú le daoine nua agus iad a spreagadh chun dul ag obair leis an eagraíocht., go mór mór gairmithe cúraim sláinte a bhfuil sé de chumas acu Gaeilge líofa a labhairt nó seirbhísí i nGaeilge a sholáthar go muiníneach.

Chuige sin, tacaíonn FSS (i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge) le scéim scoláireachta le haghaidh mac léinn le Gaeilge i gcomaoin gealltanais dul ag obair le FSS nuair a bheidh a gcuid staidéir curtha i gcrích acu. Faoi láthair tá an scoláireacht sin á fáil ag 14 mac léinn Gaeltachta atá i mbun cúrsaí tríú leibhéil a bhaineann le cúrsaí sláinte.

Tacaíonn FSS freisin le modúil Ghaeilge a áireamh in oiliúint dochtúirí agus altraí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá sé mar chuspóir againn na modúil sin a leathnú go coláistí eile tríú leibhéal.

Maidir le daltaí dara leibhéal, cuirfidh FSS gairmthreoir ar fáil do na daltaí sin i Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna atá ag smaoineamh faoi ghairm in earnáil an chúraim sláinte a leanúint.

Sa Taca seo, cuimsítear:

- Dreasachtaí agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun líon níos mó cainteoirí Gaeilge a mhealladh i dtreo gairmeacha sa leigheas, san altranas agus i ngairmeacha eile in earnáil na sláinte.

- Ábhar cúrsa a sholáthar d'institiúidí tríú leibhéal, scoileanna leighis agus altranais san áireamh, lena úsáid chun modúil bhunchúrsa agus deiseanna oiliúna teanga modhnaithe agus leanúnach a chur i láthair mar chuid d'oiliúint chaighdeánach gairmithe cúraim sláinte agus sóisialta. e.g. Modúil Tríú Leibhéal um Mheasúnú ar Chúram Othar a Dhéanamh i nGaeilge

- Feachtais feasachta earcaíochta a reáchtáil chun deiseanna sa tSeirbhís Sláinte sa Ghaeltacht a chur chun cinn (Deiseanna Inmheánacha agus Seachtracha)

- Ábhar taispeántais agus oideachais a fhorbairt maidir le gairmeacha ionchasacha le Gaeilge in FSS, lena úsáid ag eagraíochtaí agus daoine aonair i réimse na gairmthreorach, agus béim faoi leith a chur ar Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ar dtús.

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Creat Ama	Ag brath ar:
Taca 5 – Dreasachtaí 3ú Leibhéal, Tacaíochtaí Oideachais agus Gairmthreoir				
1. Dreasachtaí agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun líon níos mó cainteoirí Gaeilge a mhealladh i dtreo gairmeacha sa leigheas, san altranas agus i ngairmeacha eile in earnáil na sláinte.	a) Maoiniú FSS Urraithe b) I gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta cuirfear suas le 15 scoláireacht ar fáil do mhic léinn le Gaeilge ata i mbun cúrsaí amhail Leigheas, Teiripe Urlabhra, Teiripe Shaothair, Fisiteiripe, Altranas, Cógaisíochta agus disciplíní sláinte eile. Tugtar an scoláireacht sin i gcomaoin gealltanais 3 bliana ag obair sa Ghaeltacht i ndiaidh a gcuid staidéir a chríochnú. c) Maoirsiú curtha i bhfeidhm ar mhic léinn a fhaigheann scoláireachtaí Gaeilge d) Socrúcháin sa Ghaeltacht a éascú do mhic léinn 3ú leibhéal le Gaeilge mar chuid dá n-oiliúint e) Athbhreithniú déanta ar an éileamh chun an scéim scoláireachta a leathnú agus moltaí curtha chuig páirtithe leasmhara	Seirbhís i nGaeilge	Le déanamh gach bliain le linn thréimhse na straitéise 2019-2023 2021	Maoiniú ó: 1. Údarás na Gaeltachta Gaelscoileanna Scoileanna Gaeltachta

Plean Oibre	Spriocanna Inghnóthaithe	Úinéir	Creat Ama	Ag brath ar:
2. Cabhraigh chun Modúil Ghaeilge um Chúram Othar a sholáthar	a) Athbhreithniú a dhéanamh ar Mhodúil Ghaeilge um Chúram Othar in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus iad a leathnú go hinstitiúidí eile	Seirbhís i nGaeilge Institiúidí 3ú Leibhéal	2021	Institiúidí eile 3ú leibhéal
3. Feasacht inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt maidir le deiseanna do ghairmithe sláinte le Gaeilge freastal a dhéanamh ar othair le Gaeilge. Dreasachtaí agus tacaíochtaí a fhorbairt chun líon níos mó cainteoirí Gaeilge a mhealladh i dtreo gairmeacha sa leigheas, san altranas agus i ngairmeacha eile in earnáil an tsláinte.	a) Plean a fhorbairt i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge chun gairmeacha le Gaeilge a chur chun cinn go hinmheánach agus go seachtrach	Seirbhís i nGaeilge	2020	Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge
4. Gairmthreoir	a) Comhpháirtíochtaí le Grúpaí Pleanála Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge & scoileanna chun seisiúin/ábhar eolais maidir le gairmeacha i réimse an chúraim sláinte, ag díriú ar chainteoirí Gaeilge b) Pleananna tionscnaimh a fhorbairt c) Cur i láthair agus ábhair a fhorbairt d) 10 seisiúin eolais a reáchtáil (ar a laghad) le haghaidh mac léinn agus tuismitheoirí		2020 2019-2023	

8. Achoimre

Is é is cuspóir le straitéis Ghaeilge Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná ár ndualgais faoi na riachtanais reachtaíochta agus reachtúla a chomhlíonadh ar mhaithe le feabhas a chur ar eispéireas na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí sláinte agus ar mian leo go ndeanfaí cumarsáid leo i nGaeilge.

Ullmhaíodh príomhthacaí na straitéise seo chun líon na Seirbhísí i nGaeilge a chuireann FSS ar fáil a mhéadú agus feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí sin.



Anuas air sin, beidh an straitéis seo ina cabhair chun bearnaí ionchasacha i soláthar seirbhísí i nGaeilge a aithint, agus as sin, cuirfear tacaíocht agus treoir ar fáil do bhainisteoirí seirbhisí áitiúla agus Earcaíocht SGS chun acmhainn na seirbhísí i nGaeilge a mhéadú;

Le linn shaolré na straitéise seo, déanfaidh FSS comhoibriú le gníomhaireachtaí eile stáit de réir mar is cuí, agus chuige sin:

- Oibreoidh FSS leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) chun Pleananna Teanga a fhorbairt mar is gá faoi Acht na Gaeltachta 2012 i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge;
- Caidreamh réamhghníomhach a fhorbairt le RCOG chun measúnú a dhéanamh maidir leis an tionchar a bheidh ag na caighdeáin nua teanga atá beartaithe ar FSS;
- Pleananna a fhorbairt chun reachtaíocht nua i leith na Gaeilge a chur chun feidhme go pras nuair a sheolfar é;
- Tacú le tionscnaimh RCOG, mar shampla an clár tacaíochta teanga do theaghlaigh.

Chomh maith leis na seirbhísí thuasluaite a dhéanfaimid a fhorbairt agus a thacú, tá gníomhaíochtaí eile leagtha amach maraon leis an 5 Thaca anseo a dtabharfar tús áite dóibh. Déanfaidh foireann na Seirbhísí i nGaeilge na rudaí seo a leanas:

- Leanfar ag tacú leis an Ghréasán Teiripe Urlabhra agus Teanga atá á chur ar fáil trí Ghaeilge do bhuíonta bunchúraim, agus leathnófar an tseirbhís seo.

- Ár n-acmhainní a chur in ord tosaíochta chun a chinntiú go n-úsáidtear iad sna ceantair sin is mó a mbeidh tionchar acu:

- Leanfar ag tacú le hEagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECSPanna) trí dhoiciméid FSS a sholáthar i nGaeilge (e.g. imdhíonadh) i Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, agus é sin a leathnú nuair is féidir;

- Tacaíocht a thabhairt don Rannóg Sláinte Poiblí/Sláinte Chomhshaoil maidir le doiciméid FSS a sholáthar i nGaeilge don phobal;

- Tacaíocht a thabhairt chun 'Rianú ar Rogha Teanga Othair' a chur chun feidhme i seirbhísí breise in Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus i nDún na nGall (Grúpa Ospidéal Saolta) d'fhonn é a leathnú go ceantair eile.

- Athbhreithniú ar leathdháileadh na foirne atá dhátheangach sa tSeirbhís Cúram Baile chun a chinntiú go bhfuilthear ag cloí leo in ESP 2 ar dtús agus ansin i gceantair eile ESP, de réir an acmhainn atá ar fáil agus an éilimh atá ann.

- Mar chuid d'athbhreithnithe ar chomhlíonadh, breathnófar ar an gcomharthaíocht atá curtha sua ag soláthraithe seachtracha ar champais chun a chinntiú go bhfuil Acht na dTeangacha Oifigiúla á chomhlíonadh

Le feidhmiú na Straitéise seo, ullmhóidh FSS cur chuige níos córasaí agus níos réamhghníomhaí maidir le freastail ar riachtanais chúraim na ndaoine ar mian leo a dteanga féin a úsáid go dtí gur é an gnáthchleachtas go gcuirfí cúram ar fáil i nGaeilge dóibh siúd a bhfuil sin uathu.

An tSeirbhís Ghaeilge

Cuireann ár bhFoireann Ghaeilge na seirbhísí a leanas ar fáil:

- Athbhreithnithe Géilliúlachta
- Comhairle maidir le: Acht na dTeangacha Oifigiúla/ Scéim Teanga
- Ag láimhseáil agus ag réiteach gearáin
- Caidreamh le hOifig an Choimisinéara Teanga agus leis An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta/Foras na Gaeilge
- Oideachas agus oiliúint teanga
- Seirbhísí aistriúcháin

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Deisceart Áth Cliath, Cill Dara, Laois, Uíbh Fháilí, Cill Mhantáin, Longfort, IarMhí

Bairbre Uí Theighneáin
Teil: 086 8157342
Rphost: bairbre.uitheighneain@hse.ie

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Tuaisceart Áth Cliath An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh, Lú, Cabhán, Muineachán

Carmel MacDomhnaill
Teil: 061 483658
Rphost: carmel.macdomhnaill@hse.ie

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin, An Mhí

Bríd Ní Chualáin
Teil: 091 77 5122
Rphost: Brid.NiChualain@hse.ie

Ceannasaí na Seirbhíse

Tír Chonaill, Liatroim, Sligeach

Cuimín Mac Aodha Bhuí
Teil: 091 775882
Rphost: cuimin.macaodhabhui@hse.ie

Oifigeach Forbartha Gaeilge

Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge, Tiobraid Árann Theas, Loch Garman,Ceatharlach, Cill Chainnigh

Micháel Ó Coileáin
Teil: 021 4279481
Rphost: MichaelE.Collins@hse.ie

Straitéis Gaeilge

2019-2023

Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service